Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10728 – CACF / STELLANTIS / FCA BANK / F2ML)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 442/05)

1. An 15 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Crédit Agricole Consumer Finance ("CACF", an Fhrainc),

— Stellantis N.V. ("Stellantis", an Ísiltír),

— FCA Bank S.p.A. ("FCA Bank", an Iodáil),

— Free2MoveLease ("F2ML", an Ísiltír).

Tá sé beartaithe ag CACF urlámhas aonair ar FCAB, atá faoi rialú comhpháirteach CACF agus Stellantis faoi láthair (an "tIdirbheart FCAB"), a fháil de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc agus tá sé beartaithe ag CACF agus Stellantis rialú comhpháirteach a fháil de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc ar LeaseCo lena gcomhcheanglaítear Leasys (atá faoi rialú comhpháirteach CACF agus Stellantis cheana féin) agus F2ML (a bhí faoi rialú Stellantis amháin roimhe seo), dhá chuideachta atá gníomhach i soláthar seirbhísí léasaithe oibríochtúla B2B (an "tIdirbheart LeaseCo") (le chéile an "tIdirbheart").

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CACF gníomhach san earnáil airgeadais tomhaltóirí sa Fhrainc agus i roinnt tíortha Eorpacha eile, sa tSín agus in Maracó chomh maith,

— Tá Stellantis gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, i monaraíocht agus i ndáileadh mótarfheithiclí, faoi na cúig bhranda déag seo a leanas: Peugeot, Citroën, DS Automobiles, Opel, Vauxhall, Abarth, Alfa Romeo, Chrysler, Dodge, Fiat, Fiat Professional, Jeep, Lancia, Maserati agus Ram,

— Tá FCAB gníomhach i maoiniú mótarfheithiclí i 16 Bhallstát LEE, in Maracó, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe,

— Tá F2ML gníomhach i soláthar seirbhísí léasaithe oibríochtúla B2B i roinnt Ballstát LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10728 – CACF / STELLANTIS / FCA BANK / F2ML

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË